

PREASRÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

LAW REFORM COMMISSION PRESS RELEASE



LÁNCHOSC: 5pm DÉ LUAIN, an 23 Márta 2026

Foilsíonn an **Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**

Tuarascáil: Íospartaigh na Coireachta a Chúiteamh

Dé Luain, an 23 Márta 2026: Sheol an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí an Tuarascáil uaidh maidir le **hÍospartaigh na Coireachta a Chúiteamh** inniu ag ócáid a tionóladh in oifigí an Choimisiúin i dTeach Styne, Baile Átha Cliath 2.

Sa Tuarascáil seo maidir le **hÍospartaigh na Coireachta a Chúiteamh**, mionsonraítear an **bonn reachtúil beartaithe** do scéim cúitimh d'íospartaigh coireanna foréigin agus do **chomhlacht neamhspleách chun measúnú agus cinneadh a dhéanamh ar éilimh ar chúiteamh**. Rinne an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (“an Coimisiún”) caidreamh le híospartaigh, le comhlachtaí gairmiúla, le heagraíochtaí um chearta an duine, le comhlachtaí tathanta, le saineolaithe aonair, le grúpaí ionadaíocha agus le ranna iomchuí rialtais le linn a phróisis fhairsing comhairliúcháin.

Tá Íospartaigh na Coireachta á gcúiteamh ag an Stát faoi scéim riaracháin ó bhí an bhliain 1974 ann. Tugtar aghaidh sa Tuarascáil seo, áfach, ar an ngá atá le **struchtúr lán-nua cúitimh** atá dírithe ar an íospartach agus lena nglactar cur chuige ceartabhunaithe i leith íospartaigh a chúiteamh as an bhfulaingt a bhain dóibh mar thoradh ar choireanna foréigneacha. Leis an scéim seo, ba cheart go **gcabhrófaí le téarnamh an íospartaigh ón gcoir foréigin trí chúiteamh atá cothrom, cuí agus tráthúil a sholáthar**. Ar an gcúis sin, molann an Coimisiún **go soláthrófaí cúiteamh gan mhoill, gan a bheith ag fanacht le toradh aon imeachtaí coiriúla nó sibhialta**. Chun críche na scéime, is ionann duine agus íospartach coire foréigin más rud é gur bhain díobháil dó nó di (lena n-áirítear díobháil nó anacair fhisiciúil, mheabhrach nó mhothúcháinach) mar thoradh díreach ar an gcoir sin.

Ina fhianaise sin, molann an Coimisiún go dtabharfaí reachtaíocht isteach chun **comhlacht reachtúil neamhspleách nua a chruthú, rud a bhfuil cuspóirí soiléire aige atá dírithe ar an tionchar a bhí ag coir foréigin ar an íospartach a aithint thar ceann an Stáit.** Cinntíonn na cuspóirí beartaithe soiléire, deimhneacht agus buaine – gnéithe nach féidir a bhaint amach i scéim nach bhfuil inti ach scéim riaracháin, amhail an Binse reatha.

Chun a chinntiú go bhfaigheann íospartaigh íocaíochtaí cuí cúitimh as an díobháil a rinneadh dóibh, molann an Coimisiún **go bhfaigheadh íospartaigh an oiread cúnaimh agus is féidir i leith a n-iarratas ar chúiteamh ó bhaill foirne ar cuireadh oiliúint shonrach orthu maidir le conas tacaíocht thrámabhunaithe a thabhairt, maidir le conas gan tráma a fhágáil ar íospartaigh agus maidir le conas íospairt thánaisteach a sheachaint.** Is é is aidhm don phróiseas iarratais beartaithe **a chinntiú go bhfuil iarratasóirí in ann an íocaíocht a bhfuil siad ina teideal a éileamh.** Ba cheart faisnéis a sholáthar i bhfoirm inrochtana agus, más gá, ba cheart do bhaill foirne an chomhlachta nua cabhrú le hiarratasóirí a n-iarratais a ullmhú. Molann an Coimisiún **go mbeadh iarratasóirí in ann dul chun cinn a n-iarratais a rianú tríd an phróisis iarratais.**

Is é an comhlacht reachtúil a dhéanfaidh **measúnú ar iarratais, a chinnefidh cé acu a bheidh nó nach mbeidh iarratasóir incháilithe agus, más rud é go mbeidh iarratasóir incháilithe, a chinnefidh an íocaíocht chúí chun íospartaigh a chúiteamh as an díobháil a rinneadh dóibh, lena n-áirítear íocaíochtaí i leith péine agus fulaingthe.** Ar leithligh uaidh sin, ba cheart don chomhlacht a bheith in ann **costais réasúnacha agus roinnt cailteanas tuillimh a aisíoc,** i gcás gur cuí. Is é is aidhm do na moltaí seo **scéim cúitimh an stáit a chur i gcomhréir leis an dlí Eorpach** agus le breith a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le déanaí á rá gur cheart don scéim cúiteamh a thabhairt i leith péine agus fulaingthe.

Cé nach dtugtar aghaidh leis an scéim seo ach ar an gceart atá ag íospartaigh coireanna foréigin chun cúiteamh a fháil, is amhlaidh sna tograí **a ghlactar míniú sách leathan ar ‘díobháil’ ionas go dtiocfaidh an díobháil a bhaineann le foréigean fisiciúil agus le foréigean neamhfisiciúil araon faoin míniú.** Seachas cionta ar léir gur cionta foréigneacha iad, amhail dúnmharú agus ionsaí, **ba cheart cionta eile amhail ciapadh agus stalcaireacht, cionta a bhaineann le drochúsáid íomhánna dlúthphearsanta, agus cionta foréigin baile a chur ar áireamh go sainráite sa mhíniú ar choir foréigin,** i dtuairim an Choimisiúin. Agus é ag aithint go dtagann leibhéal agus cineálacha éagsúla díobhála as coireanna foréigin, molann an Coimisiún **gur cheart do thionchair neamhfisiciúla a eascraíonn as cionta ar leith, amhail cionta gnéis agus foréigean baile, lena n-áirítear díobháil nó anacair mheabhrach nó mhothúchánach a eascraíonn as coir, teacht go soiléir faoin míniú ar dhíobháil.**

Molann an Coimisiún gur cheart don scéim reachtúil cúiteamh a sholáthar i leith **costais réasúnacha infhíoraithe, lena n-áirítear cailteanas tuillimh, nach gcumhdaítear le haon fhoinsé eile, a thabhaítear mar thoradh ar an gcoir foréigin, gan aon tairseach íosta ná aon tairseach uasta a bheith ann.** Ina theannta sin, mhol an Coimisiún go ndéanfaí íocaíocht cúitimh ghinearálta i leith péine agus fulaingthe, agus tairseach íosta agus tairseach uasta ann. Agus íocaíochtaí cúitimh ghinearálta á gcinneadh aige, **ba cheart don chomhlacht reachtúil leas a bhaint as scéim banda lena léirítear cásanna ina raibh tionchar na coire ar an iarratasóir de chineál (a) dian (b) tromchúiseach, (c) measartha, nó (d) beag.** Molann an Coimisiún go soláthrófaí le gach catagóir banda méid íosta cúitimh agus méid uasta cúitimh agus go socrófaí na méideanna sin le hionstraim reachtúil. Is é a bheidh i gCatagóir A, an banda uachtair, ná tairseach uasta, nó uasteorainn, le haghaidh íocaíochtaí cúitimh ghinearálta. Is é a bheidh i gCatagóir D, an banda íochtair le haghaidh cásanna neamh-mharfacha, ná tairseach íosta. **Beidh íocaíocht ar leith le roinnt idir baill clainne i gcás go bhfuair an t-íospartach bás mar thoradh ar choir foréigin.**

Tugtar sna moltaí **forálacha mionsonraithe le haghaidh eisiaimh ón scéim, amhail cásanna calaoise, claonpháirteachais nó mí-iompair rannpháirtigh.** Toradh eile a bheidh ar na tograí is ea go gcuirfear ar chumas an stáit **íocaíochtaí dúbailte a fhorchúiteamh** (i gcás, mar shampla, gur aisghabhadh damáistí in imeachtaí sibhialta) nó íocaíochtaí a fhorchúiteamh a chinnfear ina dhiaidh sin a bheith bunaithe ar chalaois. **Molann an Coimisiún** go bhféadfadh an comhlacht reachtúil **íocaíocht a dhiúltú, nó íocaíocht laghdaithe a dhéanamh,** i gcás go measfadh sé go mbeadh an íocaíocht chomh contrártha sin do leasanna an cheartais go mbainfí an bonn de mhuintín an phobail as an scéim cúitimh. Is gá coimircí breise a chur i bhfeidhm chun an lánrogha sin a fheidhmiú, agus ní mór cúiseanna a fhoilsiú más rud é go mbainfear leas aisti.

I dtuairim an Choimisiúin, **ba cheart cinntí maidir le híocaíochtaí cúitimh a dhéanamh a luaithe is féidir.** Molann an Coimisiún **go bhféadfaí íocaíochtaí eatramhacha cúitimh a dhéanamh i gcásanna cuí,** amhail i gcás nach féidir an íocaíocht dheireanach chuí a chinneadh go tapa agus go dteastaíonn cúnaimh airgeadais práinneach ó iarratasóir. Is é an t-aon fhoras amháin le cinneadh a mhoilliú ná cás ina bhféadfadh sé cur isteach ar leasanna an cheartais. Maidir leis sin, tugann an Coimisiún faoi deara nach ionann ciontú agus réamhriachtanas le haghaidh éileamh ar chúiteamh sa scéim reatha, agus molann an Coimisiún nach mbeadh aon athrú ann ina leith sin.

Maidir le soláthar foirne an chomhlachta reachtúil, molann an Coimisiún go mbeadh **dóthain ball foirne ag an gcomhlacht reachtúil chun a chinntiú go bhfuil tacaíocht dhóthanach ar fáil do gach iarratasóir agus go bhfuil a dhóthain breithneoirí neamhspleácha ann chun cinntiú tapa a dhéanamh ar iarratais ar chúiteamh.** Ba cheart triúr oifigeach measúnaithe agus breithniúcháin de chuid an

chomhlachta reachtúil a bheith ar phainéal achomhairc, agus ba cheart cáilíocht dlí a bheith ag comhalta amháin ar a laghad den phainéal. Ba cheart an **oilúint** is gá a chur ar gach ball foirne de chuid an chomhlachta reachtúil agus ar gach oifigeach measúnaithe agus breithniúcháin ionas go mbeidh siad in ann obair i gcomhar le híospartaigh coireanna foréigin agus freagairt do na riachtanais atá acu.

Leis an dlí, ceadaítear do na cúirteanna cheana féin a ordú do dhaoine ciontaithe cúiteamh a íoc le híospartaigh. Ar roinnt cúiseanna éagsúla, is annamh a bhaintear leas as an bhforáil sin, agus aithníonn an Coimisiún nach mbeidh gach duine cúisithe in ann cúiteamh a íoc. Mar sin féin, **i gcás gur acmhainn do dhuine ciontaithe in aon chás cuí déanamh amhlaidh, creideann an Coimisiún gur cheart don duine sin cúiteamh a íoc leis an íospartach, agus rinne sé moltaí chun úsáid na bhforálacha láithreacha a mhéadú.** Áirítear leis sin a chinntiú go gcuirtear íospartaigh ar an eolas faoin gcumas atá ag an gcúirt orduithe cútímh den sórt sin a dhéanamh agus faoin gceart atá acu a gcaillteanais a leagan amach i ráiteas tionchair íospartaigh.

Mar gheall ar an bhfeidhm chúnta atá ag an gcomhlacht reachtúil beartaithe, níor cheart cúnamh dlíodóra a bheith ag teastáil i gcás fhormhór mór na n-iarratas. Mar sin féin, déantar leis na moltaí **socrú do dhlíodóirí i gcora cuí**, lena n-áirítear cásanna casta nó imthosca pearsanta an iarratasóra. Molann an Coimisiún **go ndéanfaí ranníocaíocht i leith na gcostas de réir scála táillí** a mholfadh an comhlacht reachtúil agus a cheadófaí le hionstraim reachtúil. Cheadófaí réamhdheimhniú le haghaidh ranníocaíocht i leith costais dlí i gcásanna teoranta ina gcreideann an comhlacht nach féidir iarratas a dhéanamh gan dlíodóir.

Molann an Coimisiún go gcuirfí **teorainn ama dhá bhliain** ó dháta na coire is cúis leis an éileamh **i bhfeidhm i leith iarratais nua**, agus roinnt eisceachtaí ann. I measc na n-eisceachtaí sin, féadfaidh leanaí iarratas a dhéanamh suas le dhá bhliain tar éis dóibh 18 mbliana d'aois a bhaint amach. Is é atá i gceist leis sin a léiriú go dtuigtear gur féidir le coir fhoréigineach tráma domhain a fhágáil ar íospartaigh agus gur féidir go dteastóidh am téarnaimh uathu sula mbeidh siad in ann iarratas a dhéanamh.

Molann an Coimisiún gurb amhlaidh, **tríd is tríd, nach mór an choir a thuirisciú** don Gharda Síochána (nó Fiosrú) agus **nach mór d'iarratasóirí comhoibriú** leis na húdaráis imscrúdaithe agus ionchúisimh, agus leis an gcomhlacht reachtúil féin, ach amháin i gcás nach mbeifear in ann déanamh amhlaidh ar dhea-chúiseanna. Is é atá i gceist leis sin cabhrú leis an gcomhlacht reachtúil cinntí a dhéanamh agus cabhrú le riaradh an cheartais.

Molann an Coimisiún go soláthródh an comhlacht reachtúil **faisnéis agus cúnamh d'íospartaigh maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh** agus go gcabhródh sé le **hiarratais trasteorann** ar chúiteamh i Stáit eile den Aontas Eorpach.

Molann an Coimisiún **go mbeadh treoirnóta atá scríofa i dteanga shimplí ag gabháil le foirmeacha iarratais, ar treoirnóta é ina mínítear an próiseas iarratais ar fad**, na doiciméid uile atá ag teastáil agus cé na daoine ar cheart dóibh nó a fhéadfaidh siad iad a fháil, agus cé na himthosca inar cheart dóibh nó ina bhféadfaidh siad déanamh amhlaidh, mar aon le cearta uile an iarratasóra i rith an phróisis.

Molann an Coimisiún go gcuirfí **sásra inmheánach achomhairc** ionsuite i bhfeidhm chun cabhrú le moilleanna agus costais a bhaineann le hachomhairc a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Molann an Coimisiún go mbeadh triúr cinnteoirí ann sa tsraith achomhairc agus **go mbeadh sé de chumhacht ag an tsraith achomhairc an t-iarratas a chinneadh ag éisteacht lán-nua** nó go bhféadfaí an éisteacht a shrianadh i gcás nach ndearna an t-iarratasóir achomhairc in aghaidh gach gné den chinneadh. I gcás go mbaineann an t-achomhairc le ranníocaíochtaí i leith costas, is ‘ar an taifead’ a dhéileálfar leis. Áirítear leis na coimircí molta eile **cinntí atá folaithe go cuí ón gcomhlacht reachtúil agus nósanna imeachta, rialacha nós imeachta agus ordacháin chleachtais an chomhlachta reachtúil a fhoilsiú**. Ar deireadh, **molann an Coimisiún go ndéanfaí formhaoirseacht bhreithiúnach** trí bhíthin achomhairc chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go soláthrófar leis an scéim nua seo **cúiteamh atá tráthúil, cothrom agus cuí** d’íospartaigh, rud ar cheart go gcabhródh sé leo teacht ar an gcúnamh a theastaíonn uathu agus **téarnamh** ó thionchar na coireachta foréigní. Cuid dhílis den mholadh sin is ea **go bhfaighidh an comhlacht reachtúil cistí dóthanacha intuatha ón rialtas**. Ní tharlaíonn sé sin faoi láthair, agus tugtar le tuiscint san fhianaise gur tháinig moilleanna ar íocaíochtaí a dhéanamh le híospartaigh na coireachta san am atá thart mar gheall ar an easpa cistí a bhí ar fáil don scéim reatha.

Ar deireadh, molann an Coimisiún go mbeadh duine **incháilithe le haghaidh cúitimh má rinneadh díobháil dó nó di** in imthosca eile a d’fhéadfadh údar a thabhairt le cúiteamh státchistithe, amhail díobháil a rinneadh dó nó di **le linn dó nó di beatha a shábháil nó le linn dó nó di cúnamh a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána** a bhí faoi ionsaí, a bhí ag iarraidh déanamh ciona a chosc, nó a bhí ag iarraidh beatha a shábháil.

D’ullmhaigh an Coimisiún dréacht-Bhille dar teideal an Bille um Chúiteamh d’Íospartaigh Coireanna Foréigin, 2026.

Beidh an Tuarascáil ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, www.lawreform.ie, ó 5pm Dé Luain, an 23 Márta.

Beifear in ann an Achoimre Fheidhmeach ar an Tuarascáil as Béarla a rochtain trí shuíomh Gréasáin an Choimisiúin, www.lawreform.ie, ó 5pm Dé Luain, an 23 Márta.

Beidh leagan Gaeilge den achoimre fheidhmeach ar fáil go luath ar www.lawreform.ie.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le Larry Donald, Heneghan, ar 087 2581787 nó le Michael Hall, Heneghan, ar 087 3106238.

Nótaí Cúlra d'Eagarthóirí. Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, a bhfuil sé mar mhisean aige an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí a dhéanamh le haghaidh athchóiriú an dlí, agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do gach duine. Féachann an Coimisiún lena chinntiú gur praiticiúil, iomchuí, bunaithe ar réitigh agus dírithe ar úsáideoirí deiridh na reachtaíochta a bheidh na foilseacháin ón gCoimisiún i réimse athchóiriú an dlí. Go dtí seo, d'fhoilsigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí breis agus 200 foilseachán (Páipéir Oibre, Páipéir Saincheisteanna, Páipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha) ina bhfuil tograí athchóirithe. Bhí tionchar ag formhór na dtograí sin ar dhréachtú reachtaíocht na hÉireann agus ar a bhfuil sa reachtaíocht sin.